Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Eanáir 2022
(OR. en)

5061/22

CDR 2

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag an Ungáir, de Choiste na Réigiún. |

**CINNEADH (AE) 20[..]/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta**
**arna mholadh ag an Ungáir,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na hUngáire**,**

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis János Ádám KARÁCSONY a bheith éirithe as an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh é a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na hUngáire, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, János Ádám KARÁCSONY, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach (*Pest Megyei Közgyűlés tagja* - Ball de Chomhairle Contae Pest Megye), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar János Ádám KARÁCSONY, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é **agus** a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Pest Megyei Közgyűlés tagja* (Ball de Chomhairle Contae Pest Megye) (athrú sainordaithe) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

---

**1** Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

Arna dhéanamh in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*